Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14534/1/25
REV 1

LIMITE

EF 355
ECOFIN 1422
SIMPL 159
*ECB*
*EIB*

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú<br>(a) Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn<br>(b) Tuarascáil Forléargais Bhliantúil 2025<br>- Cur i láthair ón gCoimisiún<br>- Seisiún tuairimíochta |

1. An 21 Deireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú na gCoimisinéirí Valdis Dombrovskis (14495/REV1/25) agus María Luís Albuquerque (14496/REV1/25). Leagtar béim sa dá thuarascáil ar na príomhbhearta a rinneadh ó mhí Eanáir go mí Iúil 2025 chun iarrachtaí simpliúcháin a dhéanamh i réimsí beartais na gCoimisinéirí faoi seach.

2. An lá céanna, d'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil Forléargais 2025 maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú (14498/REV1/25) a d'ullmhaigh an Coimisinéir Valdis Dombrovskis ina cháil mar Choimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú. Cumhdaítear sa tuarascáil seo na sé phacáiste de thionscnaimh omnibus agus tograí eile darb aidhm na hualaí a laghdú agus an reachtaíocht a mhol an Coimisiún sna chéad mhíonna de 2025 a shimpliú.

3. An 23 Deireadh Fómhair 2025, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi ' gur gá clár oibre uaillmhianach cothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn, mar ábhar práinne, ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – agus i ngach réimse, chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú', thathantaigh sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí 'dlús a chur lena gcuid oibre, mar ábhar mórthosaíochta, maidir le gach comhad a bhfuil gné an tsimpliúcháin nó an iomaíochais ag baint leis' agus d'iarr sí go ndéanfaí gníomhaíocht nithiúil bhreise 'chun ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí nua riaracháin a sheachaint'.

4. Iarrtar ar an gComhairle seisiún tuairimíochta maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú a thionól, i bhfianaise na dtuarascálacha thuasluaite (faoi phointí 1 agus 2) a chuirfidh an Coimisiún Eorpach i láthair ag an gcruinniú a bheidh ag Comhairle Ecofin an 13 Samhain.



PUBLIC